

Féile Litríochta Gaeilge
Irish Language Literature Festival

imram

A VOYAGE OF DISCOVERY

CEILIÚRADH SA PHRÍOMHCHATHAIR
16–30 Meán Fómhair / September 2008

DÚN AN AIRGID

ÉILÍS NÍ DHUIBHNE

BOOK LAUNCH AND READING FOLLOWED BY MUSIC WITH

ALAN BURKE

TUESDAY
16 SEPTEMBER
Dé Máirt
16 Meán Fómhair

7.00pm
TONER'S BAR
(UPSTAIRS)
139 Lower Baggot St
Saorchead isteach
Free admission

Is aoibhinn an áit é Dún an Airgid – baile nua foirfe agus daoine deasa lonnaithe ann. Útóipe nua-aoiseach. Ach lá amháin téann an leabharlannaí Laoise Ní Bhroin ar iarraidh. An bhfuil dúnmharfóir srathach i gceist? Céard a bhí faoi cheilt ag Laoise? Nochtann **Éilís Ní Dhuibhne** ealaín agus rachmas sa chúlra – agus an nathair nimhe i bhfolach i bParthas.

Fear tosaigh an bhanna Afterhours ab ea **Alan Burke** tráth den saol. Seinneann sé le At First Light i láthair na huaire. Is iad an dá albam aonair aige ná *On the Other Hand* agus *Tip of the Tongue*. Guth glé aige atá láidir agus leochaileach san am céanna. Tá a shaol mar dhrumadóir tar éis dul i bhfeidhm ar an gcaoi ina seinneann sé an giotár – cuireann a chuid rithimí ar snámh ar thonnta ceoil sinn. Eisean a léirigh agus a chomhthaifid *Ar Mhuin na Muice* leis an amhránaí Conallach Bríd Ní Mhaoileoin. Tá raidhse amhrán Gaeilge agus Béarla mar chuid dá stór ceoil thraidisiúnta gan trácht ar na hamhráin bhreátha a chum sé féin. Duine is ea Alan Burke a bhfuil a lucht éisteachta dílis ag dul i líonmhaireacht an t-am ar fad.

A thrilling crime novel set that reveals the serpent lurking in the suburban paradise of Dún an Airgid – by **Éilís Ní Dhuibhne**, one of Ireland's most popular authors in both English and Irish. Published by Cois Life.

Alan Burke's voice has been described as 'full of power, sensitivity and clarity'. His guitar playing, influenced by his earlier incarnation as a drummer, is noted for strong driving rhythms alongside a more gentle approach to the quieter side of his repertoire. His presence and delivery always capture the attention of his audience.

WEDNESDAY
17 SEPTEMBER
Dé Céadaoin
17 Meán Fómhair

MÓRLÉAMH / GALA READING

RÓISÍN ELSAFTY, AIFRIC MAC AODHA, CEAITÍ NÍ BHEILDIÚIN & AILBHE NÍ GHEARBHUIGH

7.00pm
TONER'S BAR
(UPSTAIRS)
139 Lower Baggot St
Cead isteach/adm €5

Oíche ar leith, oíche bheo, oíche bhinn, le guthanna nua i ngort na héigse. Tugann **Ceaití Ní Bheildiúin** ar oilithreacht sinn sa chnuasach *An Teorainn Bheo*, turas anama agus turas colainne agus mothúchán óna hóige go dtí na déaga agus ansin an grá agus an máithreachas. Danta glé atá Ceaití ag cur thar maoil le paisean. Is fada sinn ag súil leis an gcéad chnuasach ó **Aifric Mac Aodha.** Cuireadh saothar léi i gcló in *Poetry Ireland Review, INNTI* agus *Bliainiris*. Foilseoidh Coiscéim an chéad chnuasach *Péacadh* ó pheann **Ailbhe Ní Ghearbhuigh**. Péacfar! Beidh an t-amhránaí **Róisín Elsafty** ag cur le binneas na hoíche. Bígí ann agus bígí binn!

A special night with new voices in Irish poetry. In her collection *An Teorainn Bheo*, **Ceaití Ní Bheildiúin** traces the passage of human life – from childhood and adolescence to love, pregnancy and motherhood – in poems marked by their depth of feeling and clarity of expression. **Aifric Mac Aodha** is currently working on her long-waited first collection; her poetry has been widely published in journals such as *Poetry Ireland Review*, *Innti* and *Bliainiris*. **Ailbhe Ní Ghearbhuigh's** poetry displays a remarkable freshness of form, and Coiscéim will shortly publish her first collection, *Péacadh*. The poets will be joined by acclaimed singer **Róisín Elsafty**, whose voice has been called 'enthralling' by *Roots Magazine*.



SEÁN MAC MATHÚNA, CIARÁN Ó COIGLIGH & DARACH Ó SCOLAÍ

ÚRSCÉALTA STAIRIÚLA Á LÉAMH

THURSDAY
18 SEPTEMBER
Déardaoin
18 Meán Fómhair

7.00pm
ORIGINAL PRINT GALLERY
4 Temple Bar
Saorchead isteach
Free admission

Agus *The Atheist* le **Seán Mac Mathúna** á mheas aige, dúirt Brendan Kennelly go raibh rud éigin tugtha ar ais don ghearrscéal ag Seán Mac Mathúna, rud a bhí in easnamh air ó Joyce. Tá an nóibhile is déanaí aige, *Hula Hul*, suite le linn laethanta deiridh Chogadh na gCarad. Baineann sé leis an gcaidreamh aisteach atá idir an Captaen Mait Dálaigh agus an príosúnach aige, Breen, agus iad thall is abhus ar shléibhte fuara Chiarraí. Tá aithne go forleathan ar **Chiarán Ó Coigligh** mar fhile, mar úrscéalaí, mar eagarthóir agus mar dhrámadóir agus is fada faoi dhraíocht ag Inis Meáin é. San úrscéal is déanaí uaidh, *Odaisé Ghael-Mheiriceánach*, téitear isteach i gcúrsaí teanga, cultúir agus creidimh, chomh maith le cúrsaí caidrimh phearsanta, trí phriosma an scéil faoi Shibéilín, ógbhean as Oileáin Árann a thugann aghaidh ar shráideanna Harlem, Nua-Eabhrac. Foilsitheoir, drámadóir agus ealaíontóir é **Darach Ó Scolaí**. Bhuaigh *An Cléireach* duais mhór in Oireachtas na bliana anuraidh.

Ciarán Ó Coigligh's latest novel *Odaisé Ghael-Mheiriceánach* tells the story of young islandwoman, Sibéilín, as she embarks on a perilous journey from the Aran Islands to the mean streets of New York. Set in the dying days of the Civil War, **Seán Mac Mathúna**'s *Hula Hul* tells the story of the strange relationship between Captain Mait Dálaigh and his prisoner Breen as they traverse the snowbound Kerry mountains. **Darach Ó Scolaí**'s stunning novel *An Cléireach* won the 2007 Oireachtas Prize. As the Irish retreat from Cromwell's bloodthirsty advance, clerk and master-of-arms Ó Duáin meets the poets Cearúil Ó Dálaigh and Toirealach Carach Ó Conchuir. As they sit by the fireside, a tale of the terrible legacy a father leaves his son is unravelled.

FRIDAY
19 SEPTEMBER
Dé hAoine
19 Meán Fómhair

OÍCHE CHULTÚRTHA CULTURE NIGHT

6.00pm
EAGLAIS ÚINITÉIREACH
Unitarian Church
112 Faiche Stiabhna Thiar
112 St Stephen's Green West
Saorchead isteach/free admission

Cuirfidh **Éigse Éireann/Poetry Ireland** Maidhc Oscailte ar fáil d'fhilí idir 6–11pm san Eaglais Úinitéireach, Faiche Stiabhna, BÁC, mar chuid d'Oíche Chultúrtha Átha Cliath. Cláraigh roimh ré agus ligfear duit do dhánta a léamh ar feadh 6 nóiméad, gan dul thar sin.

Cúis áthais d'IMRAM a bheith páirteach le hÉigse Éireann sa cheiliúradh iontach seo ar fhilíocht bheo ár linne. I measc na bhfilí Gaeilge a ghlacfaidh páirt ann beidh **Micheál Ó hUanacháin**. Léiríonn na leabhair is déanaí uaidh, *danta.com* agus *Damhsa Rúnda* gur file is ea é nach bhfuil gann ar ghreann agus ar íoróin. Gaeilge an 21ú haois atá á hionramháil aige. *Comaitéir* is ainm don chnuasach filíochta le **Lorcán S. Ó Treasaigh**, údar an úrscéil dhodhearmadta ***Cnoc na Lobhar***. I measc na leabhar le **Siobhán Ní Shíthigh** tá *An Bhó Riabhach*, a bhuaigh Gradam Eilís Dillon sa bhliain 2005, ceann de na pictiúrleabhair do pháistí is gleoite a foilsíodh riamh in Éirinn.

From 6 to 11pm in the Unitarian Church on St. Stephen's Green, Poetry Ireland is hosting an Open Mike Poetry event as part of Dublin's Culture Night. Once you have signed up you can read your own poems for a maximum of 6 minutes. Poems in both English and Irish are welcome – poems in other languages will also be welcome, preferably with a translation to English or Irish. During the evening there will be readings from leading poets, spot prizes and music.

IMRAM is delighted to join Poetry Ireland in this wonderful celebration of living poetry. Irish language poets taking part are **Mícheál Ó hUanacháin**, **Lorcán S Ó Treasaigh**, and **Siobhán Ní Shíthigh**.



BREANDÁN BEGLEY, PADDY BUSHE & DOMHNALL MAC SÍTHIGH

LÉAMH & CEOL

SATURDAY
20 SEPTEMBER
Dé Sathairn
20 Meán Fómhair

8.00pm
TONER'S BAR
(BASEMENT)
139 Lower Baggot St
Cead isteach/adm €10

Údar *Fan Innti: Naomhóga ó Chorca Dhuibhne go Cábán tSíle* é Domhnall Mac Síthigh – staidéar breá ar shaoirseacht bháid ina bhfuil an stair áitiúil agus seanchas teaghlaigh fite tríd. Sa chnuasach filíochta is déanaí uaidh *Súil Seilge* faightear tuiscint íogair don treibh is don dúthaigh dar díobh é agus íomhánna breátha d'oileáin na nGael ón Sceilig go dtí Barra. Duine de mhórfhilí na Gaeilge agus ball nuathofa d'Aosdána é **Paddy Bushe**, draoi focal sá dá theanga. Draoi ar an gcnapchairdín é **Breandán Begley**. Is breá le daoine i gcéin is i gcóngar an ceol rince aige, na foinn mhalla mhaorga agus amhráin ar nós *Raghadsa is Mo Cheaití ag Válcaeireacht*. Ball den ghrúpa The Boys of the Lough é agus láithreoir ar TG4.

Domhnall Mac Sithigh is the author of *Fan Innti*, a tour-de-force study of naomhóg building that embraces local history, folklore and memoir. His début poetry collection *Súil Seilge* further establishes his reputation as a writer of great grace, and his explorations of the landscapes of Corca Dhuibhne and the Blasket Islands are hypnotic in their rhythmic force. **Paddy Bushe** is a poet equally at ease in both Irish and English, and his latest collection *To Ring in Silence: New and Selected Poems* has been hailed by Nuala Ní Dhomhaill for a 'huge metaphoric force that leaves the reader almost punch-drunk, and all the better for that'. **Breandán Begley** is a wizard on the button accordion. His exciting dance music and sensitive readings of slow airs, combined with singing in Irish, make him a great favourite with audiences. He is a member of The Boys of the Lough.

SUNDAY
21 SEPTEMBER
Dé Domhnaigh
21 Meán Fómhair

BÉAL TUINNE

8.00pm
EAGLAIS ÚINITÉIREACH
Unitarian Church
112 Faiche Stiabhna Thiar
112 St. Stephen's Green West
Cead isteach/adm €15

CEOLCHOIRM
The poetry of Caoimhín Ó Cinnéide set to music by Shaun Davey and friends

Múinteoir, iascaire, gníomhaí pobail agus file ab ea **Caoimhín Ó Cinnéide**. Bhí rithim agus luas ina chuid filíochta, agus bhaineadh sé spraoi as a bheith ag fí focal, ag baint lán brí astu. Thar aon ní eile, thuig sé cé chomh neamhghnách is atá an gnáthrud.

The work of west Kerry poet **Caoimhín Ó Cinnéide** – whose famous collection *Fothair na Manach* has just been reissued by Coiscéim – has been reignited by dramatic musical settings, composed by **Shaun Davey**, whose deeply sympathetic compositions scatter stardust across Ó Cinnéide's extraordinary tales of ordinary lives.

Béal Tuinne was first performed in Dingle in 2006. IMRAM is proud to host the débat Dublin performance of this remarkable work, which will include completely new and previously unheard songs.

The line-up features some of the most outstanding singers and musicians in Ireland – including **Seamus Begley** (vocals and accordion); **Rita Connolly** (vocals and guitar); **Shaun Davey** (pedal harmonium and vocals); **Éilís Ní Chinnéide** (vocals, whistle and flute); **Lawrence Courtney** (vocals and banjo); **Eoin Begley** (concertina and accordion); **Jim Murray** (guitar); **Daithi Ó Sé** (vocals); and **Noel Eccles** (percussion). **Shaun Davey** is the acclaimed composer of *The Brendan Voyage Suite* and *Granuaile*.

RÓISÍN AGUS AN RÓN

A SHADOW PUPPET SHOW BY PÚCA PUPPETS

WRITTEN BY NUALA NÍ DHOMHNAILL

MONDAY 22 SEPTEMBER
Dé Luain 22 Meán Fómhair

CONNOLLY HOUSE
Marino College,
North Strand (Five Lamps)
Teach Uí Chonghaile
Coláiste Marino,
Bóthar na Trá Thuaidh

Scáthdhráma cruthaithe ag Púca Puppets Comhléirithe ag IMRAM – Féile Litríochta Gaeilge agus Éigse Éireann

Éiríonn Róisín mór le rón agus gan aon tuairim aici go n-iompóidh sé ina bhuachaill amach anseo chun teacht i gcabhair uirthi. Taispeánann sé domhan iontach fo-thoinn di. Buaileann siad leis an iascaire Micheál Mac na Mara agus tá sé ar tí an domhan seo faoi thoinn a scriosadh. Tarlaíonn go leor eachtraí agus bíonn ar Mhícheál géill-leadh do bhinse fiosraithe de rónta chun cabhrú leis na páistí teacht ar chraiceann an róin – an t-aon bhealach atá aige chun filleadh ar a mhuintir fo-thoinn.

Róisín befriends a seal little knowing that when in danger he will change into a boy to save her. They meet a fisherman, Mícheál Mac na Mara, who threatens the underwater wonder-land he has shown her. Adventures ensue when Mícheál is forced by a tribunal of seals to help the children find the boy's lost sealskin – his only means to return to his world.

Written with humour and zest by poet **Nuala Ní Dhomhnaill**, with music by **Colm Ó Snodaigh** of Kíla and sound artist **Slavek Kwi**, this shadow show is the latest creation of award-winning Púca Puppets. Designed for and made in consultation with 7–10 year olds.

CONNOLLY HOUSE, Marino College
North Strand (Five Lamps)
Teach Uí Chonghaile, Coláiste Marino,
Bóthar na Trá Thuaidh

22–25 Sept/Meán Fómhair: 9.30am & 11.30am
26 September/Meán Fómhair: 11.30am & 7pm
27 September/Meán Fómhair: 3pm & 7pm

Box Office 085 1012477

DRAÍOCHT, Blanchardstown/Baile Bhlainséir

30 Sept/Meán Fómhair: 10.15am & 12.15pm
1 October/Deireadh Fómhair: 11am

Box Office 01 8852622 www.draiocht.ie

GRIFFEEN VALLEY EDUCATE TOGETHER
Lucan/Leamhcán

2–3 Oct/Deireadh Fómhair: 10.30 & 12.30am

Box Office 085 1012477

MERMAID ARTS CENTRE, Bray/Bré

21 October/Deireadh Fómhair: 10am & 12pm
22 October/Deireadh Fómhair: 10.30 am

Box office 01 2724030
www.mermaidartscentre.ie

PAVILION THEATRE, Dún Laoghaire

23 October/Deireadh Fómhair: 10am & 12pm

Box Office 01 2312929, www.paviliontheatre.ie

BABORÓ INTERNATIONAL ARTS FESTIVAL FOR CHILDREN, GALWAY

ÁRAS ÉANNA, Inis Oírr
14 October/Deireadh Fómhair: 5pm

F. 099 75150 R. araseanna@eircom.net
Suíomh www.araseanna.ie

BANK OF IRELAND THEATRE NUIG
16 October/Deireadh Fómhair: 10am & 12pm

STATION HOUSE THEATRE, Clifden/An Clochán
17 October/Deireadh Fómhair: 10am & 12pm
18 October/Deireadh Fómhair: 11am & 1pm

Box Office 091 569777 www.baboro.ie
(Box office opens on Monday 22nd September)

BLAISEADH

TUESDAY
23 SEPTEMBER
Dé Mairt
23 Meán Fómhair

BOOKLAUNCH AND READING

6.30pm
THE WINDING STAIR BOOKSHOP
Lower Ormond Quay
Saorchead isteach
Free admission

Cé hiad **Cumann na Scríbhneoirí Óga is Úra na Gaeilge**? An dream is úire atá tagtha ar an bhfód, ar ndóigh – agus bhí sé in am acu! Cheana féin tá a rian fágtha acu ar fhéilte litríochta agus tá an cibearspás ag crith ina ndiaidh.

Sa leabhar *Blaiseadh* ón bhfoilsitheoir Cois Life, beidh deis agat a ndéantúis próis agus filíochta a bhlaiseadh. Fág an bealach!

Cumann na Scríbhneoirí Óga is Úra na Gaeilge is an exciting new organisation founded with the aim of giving young and new voices in the Irish language a platform to reach as wide an audience as possible, and has already established an active presence at literary festivals and in cyberspace.

Blaiseadh, published by Cois Life, is a vibrant collection of poetry and prose that gives a taste of this dynamic new wave of writers. Tonight's reading is the perfect opportunity to experience the ecelecticism and sheer energy of these emerging writers, who will be introduced by leading critic **Máirín Nic Eoin**.

TEAS!

THURSDAY
25 SEPTEMBER
Déardaoin
25 Meán Fómhair

AN TIONSCADAL SNAGCHEOIL GAELACH
THE GAELIC JAZZ PROJECT

8.30pm
WHELAN'S (UPSTAIRS)
25 Wexford St.,
Dublin 2
Cead isteach €10
Admission €10

Imeoidh an Tionscadal Snagcheoil Gaelach ar imram eile sonach anocht. Go Corca Dhuibhne linn agus an Blascaod Mór. Nach ansin a chualathas Port na bPúcaí an chéad uair? Beidh na púcaí amuigh anocht agus cuid acu TEASaí go maith. Seachnaígí! Cloisfear **Seán Óg** (sacs, cláirnéad agus fliúit) agus ceoltóirí eile i dteannta na bhfilí **Domhnall Mac Síthigh** agus **Dairena Ní Chinnéide.**

Aoi speisialta **Rónán Ó Snodaigh**, Bard Bhaile Átha Cliath. Beidh TEASpach air mar is gnáth.

Deir teangeolaithe áirithe (agus a dteanga ina bpluic acu b'fhéidir) gur ón bhfocal 'teas' a fhaighimid an focal 'jazz'. An mbeidh tusa in an an TEAS a sheasamh? Bí ann! TEAStaíonn tú uainn!

Tonight the Gaelic Jazz Project embarks on a second voyage of sonic discovery, taking us to the landscapes of the Blasket Islands and west Kerry, where Muiris Ó Súilleabháin once wrote of the uncanny music of the petrel.

Musicial director **Seán Óg** and friends will be joined by poets **Domhnall Mac Síthigh** and **Dairena Ní Chinnéide**. Domhnall's voice is marked by its rhythmic force and hypnotic lyricism, whilst Dairena's poetry is an incantatory fusion of the modern and the ancient. As well as reading their own work, they will read extracts from classic books such as *Allagar na hInise* and *Fiche Blian ag Fás*.

The night will also feature a special performance by Kíla's dynamic front-man, poet and singer **Rónán Ó Snodaigh**.

Jazz music was originally called 'hot music', and it is suggested that the word 'jazz' derives fron the Irish 'teas' – and this gig promises to be one of the hottest events of IMRAM 2008.




AN TÁILLIÚIR GORM

FRIDAY
26 SEPTEMBER
Dé hAoine
26 Meán Fómhair

1.15pm
IRISH FILM INSTITUTE
6 Eustace St,
Temple Bar

FILM SCREENING
WITH A SPECIAL READING
OF PÁDRAIG DAEID'S POEMS

In association with Stranger Than Fiction Documentary Film Festival and the Irish Film Institute. Tickets available from IFI Box Office, Tel (01) 679 3477 or online at www.ifi.ie

Scrúdaíonn ***An Táilliúir Gorm*** oileán Gaeltachta amach ó chósta Mhaigh Eo agus a bhfuil i ndán dó. Is é an t-aon oileán in Éirinn ar cainteoirí dúchais agus Protastúnaigh iad a mhuintir. Ní nach ionadh mar sin go bhfuil dúchas ar leith dá chuid féin aige. Níl ach 23 duine fágtha ar an oileán seo atá nócha méadar ó Oileán Acla. Ag crosbhóthar a sheasann siad. Cad atá rompu amach? Díríonn an scannán ar oileánach clúiteach díobh, Pádraig Daeid nó an Táilliúir Gorm mar is fearr aithne air. Comórtar oidhreacht shaibhir an oileáin agus féachtar ar an dúshlán mór atá roimhe.

An Táilliúir Gorm looks at the unique struggle for survival on the small Gaeltacht island of Inis Bigil off the Mayo coast. As the only island in Ireland to have been both Protestant and Irish speaking, it is not surprising that it has developed a character all of its own. However today, with only 23 remaining inhabitants, the islanders now find themselves at a crossroads.

Focusing on the story of the island's most famous inhabitant Pádraig Daeid (an táilliúir gorm), the film explores the island's rich culture, as it faces into perhaps its greatest challenge yet.

SATURDAY
27 SEPTEMBER
Dé Sathairn
27 Meán Fómhair

INIS AIRC – BÁS OILEÁIN

12.45pm
IRISH FILM INSTITUTE
6 Eustace St,
Temple Bar

FILM SCREENING
AND HAIKU READING WITH
SIOBHÁN NÍ GHABHANN

In association with Stranger Than Fiction Documentary Film Festival and the Irish Film Institute. Tickets available from IFI Box Office, Tel (01) 679 3477 or online at www.ifi.ie

Luíonn Inis Airc tuairim is trí mhíle amach ó Inis Bó Finne. Ar an 20 Deireadh Fómhair 1960 thréig na háitreabhaigh a bhfóidín dúchais agus thug aghaidh i mbáid ar Chonamara.

Thugadar leo potaí is peataí, leapacha agus troscán, a raibh sa tsaol acu. Mhaireadar beo ar Inis Airc i gcaitheamh na gcianta, ainneoin fhíoch an Atlantaigh, ainneoin dhoicheall na n-údarás saolta. Is ansin, thar oíche, tháinig deireadh le hInis Airc...

Insíonn na hoileánaigh féin conas mar a bhí sa tseansaol. Faighimid léargas trí scannán cartlainne 8mm ar dheireadh ré agus insíonn scannán nuachta faoin mbriseadh croí a bhain leis an *exodus*. Caitheadh go hainnis le pobail imeallacha na hÉireann ag an am; dínit an bhróin a chomórtar sa scannán stairiúil corraitheach seo.

Poet **Siobhán Ní Ghabhann** is the author of *An Bhóchna Mórthimpeall – Íomhá Oileáin*, a collection of haiku inspired by the natural beauty of Inis Oírr. The book is illustrated with **Colm Ruiséal's** exquisite black-and-white photographs of the island's landscapes.

Bás Oileáin will be preceded by a special reading from Siobhán, with Colm's photographs being simultaneously projected on-screen.

Inis Airc (Shark Island) lies three miles west of Inishbofin. On October 20th, 1960 the last islanders left in a flotilla of boats bound for Conamara. They carried with them pots, pans, pets, bedsteads and furniture, all their worldly belongings. After centuries of resilient survival in the face of an unmerciful Atlantic and unsympathetic authorities, the community of Shark was no more...

This film recalls life on Inis Airc, as told by surviving islanders.

OILEÁN THORAÍ

SATURDAY
27 SEPTEMBER
Dé Sathairn
27 Meán Fómhair

FILM SCREENING, SONG AND MUSIC FROM TORY ISLAND

7.00pm
IRISH FILM INSTITUTE
6 Eustace St, Temple Bar

In association with Stranger Than Fiction Documentary Film Festival and the Irish Film Institute. Tickets available from IFI Box Office, Tel (01) 679 3477 or online at www.ifi.ie

Luíonn Toraigh naoi míle amach ó chósta Dhún na nGall, an t-oileán is scoite amach d'oileáin na hÉireann a bhfuil daonra iontu. Maireann 150 duine ann ainneoin chuthach na farraige is na drochshíne. Féachann an scannán seo ar mhuintir an oileáin, a dtréithe agus a n-oidhreacht uathúil. Meascann canbhás an duais-scannáin seo an tírdhreach sceirdiúil le hagallaimh, ceol, seanchas, ealaín agus amhráin.

Pat Collins, Stiúrthóir, a chuirfidh an scannán i láthair. Canfaidh **Lillis Ó Laoire** amhráin a bhaineann le Toraigh. Saineolaí ar na hamhráin sin é Lillis, údar an leabhair *Ar Chreag i Lár na Farraige*. Cloisimid fosta ó Rí an Oileáin, **Patsy Dan Mac Ruairí**, ceoltóir agus péintéir mór le rá agus ó oirfidigh eile an oileáin.

Tory Island, nine miles off the coast of Donegal is the most remote inhabited island off Ireland. Its unforgiving landscape has not deterred 150 people from making it their home. *Oileán Thoraí* explores the lives of the islanders, their character and community.

Acclaimed by the *Irish Times* as a 'strangely haunting cinematic essay', *Oileán Thoraí* blends striking landscape photography with intimate contemporary interviews, music and storytelling, art and song.

The film will be introduced by director **Pat Collins**. Singer Lillis Ó Laoire, author of the acclaimed *On a Rock in the Middle of the Ocean*, the definitive study of Tory's oral culture, will be present to perform a set of Tory songs. And we will also hear from accordion player **Patsy Dan Rodgers** – the King of Tory – and other Tory musicians.

Best Documentary – Irish Film and Television Awards 2003

TUESDAY
30 SEPTEMBER
Dé Máirt 30
Meán Fómhair

NEAD AN DREOILÍN

FILM SCREENING

10.30am
IRISH FILM INSTITUTE
6 Eustace St, Temple Bar

I gcomhar le hInstitiúid Scannánaíochta Éireann agus Rannóg Oideachais Éigse Éireann. Tickets available from IFI Box Office, Tel (01) 679 3477 or online at www.ifi.ie

Gearrscannáin a thugann léargas ar sheisear filí Gaeilge atá i ***Nead an Dreoilín***. Cloistear guth an fhile i dtosach agus é/í ag caint ar chúrsaí filíochta, ar dhán ar leith agus an spreagadh a bhí laistiar den dán. Ansin déanann an file an dán a aithris. Tá meascán iontach stíleanna ann – seanscannán dubh is bán mar shampla, scannáin bhaile, seanghrianghraif a bhainfidh an anáil díot. Athraíonn an suíomh ó Bhóthar na bhFál i mBéal Feirste go sclábhaithe ó Chonamara ag obair ar na bóithre i Londain siar sna 1950í. Cuimhní clainne agus cuimhní an náisiúin ag teacht le chéile agus loinnir na gealchathrach ag éag is sinn ag taisteal siar ar iarnród fuar go lár na tíre maidin gheimhridh...

IMRAM presents a special schools screening of ***Nead an Dreoilín***, an exquisite film exploring the work of Nuala Ní Dhomhnaill, Biddy Jenkinson, Gearóid Mac Lochlainn, Louis de Paor, Máire Mhac an tSaoi and Mícheál Ó Cuaig. With a stunning variety of styles – black and white archive film; intimate super 8 home movies; and gritty black and white photographs. Director **James Kelly** will introduce the screening. Poets **Nuala Ní Dhomhnaill** and **Míchéal Ó Cuaig** will also be attending to talk to students.

imram

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach. Prós. Filíocht. Ceol. An focal labhartha. An focal scríofa. Idir shúgradh is dáiríre. Suímh éagsúla ar fud na hardchathrach. Bímis ag léamh, bímis ag iomramh!

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature through a programme of eclectic events that blends poetry, prose, film, drama and music in lively, upbeat venues.

"A chumainn ghil is a ansacht,
i dtús an tsamhraidh an dtiocfá liom féin,

Amach fés na gleanntaibh
nó in oileáinín mar a dtéann an ghrian fé?

Ba, caoire ná gamhna ní shantóinnse leat iad mar spré,

Ach mo lámh dheas faoid cheannsa
is cead labhairt leat go dtí am a dó dheag."

– 'Caisleán Uí Néill' nó 'An Bheann Dubh ón Sliabh'
Sung by Tomás Ó Criomhthain on his wedding day.

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócáidí. Ceannaigh leabhar nó dhó!
The festival bookseller – The Winding Stair – will have books on sale at most IMRAM events.

TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION
Liam Carson r-phost/e-mail liamog62@mac.com
fón/phone 01 8329594 nó 087 2912797
www.poetryireland.ie/whats-on/imram.html

STIÚRTHÓIRÍ IMRAM/FESTIVAL DIRECTORS:
Liam Carson (executive director), Colette Nic Aodha,
Jane O'Hanlon, Cathal Póirtéir, Gabriel Rosenstock, Joe Woods

Poetry Ireland Éigse Éireann · Púca PuppetS · Original Print Gallery · The Arts Council An Chomhairle Ealaíon · Dublin City Baile Átha Cliath · IFI Irish Film Institute · Bord na Leabhar Gaeilge · Foras na Gaeilge

Dearadh: Oldtown

Saothar ealaíne an chlúdaigh le Kim Atkinson
ó *Tomos o Ennli* le Jennie Jones, foilsithe le Gwasg Carreg Gwalch